

### Tiomsú Airgid faoi chomhair Tionscadal Talún/Tógála

(Nuashonraíodh an doiciméad faoi dheireadh i mí Mheán Fómhair 2023)

#### 1. Réamhrá

Is féidir le scoileanna tiomsú airgid a dhéanamh chun tacú le tionscadal caipitil. Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D’fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu.”

**Tabhair do d’aire:** I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d’iontaobhaithe agus ó d’iniúcháir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúcháir(i) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

#### 2. Cóireáil Chuntasaíochta:

##### 2.1 Nuair a fhaightear airgead ó thiomsú airgid faoi chomhair tionscadal caipitil

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Ioncam ó Choistí Tionsaithe Airgid ar obair chaipitil ar fhoirgnimh/ceannach talún	DR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
	CR	2172	Ioncam Eile Imfhálaithe gan Chaitheamh Dliteanas Reatha

##### 2.2 Cathain a chaitear airgead ó thiomsú airgid faoi chomhair tionscadail caipitil

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Caiteachas ioncain ó Thiomsú Airgid Coistí le haghaidh caipitil tionscadal talún/tógála	DR	3960	Costas Tionsaithe Airgid don Chlár Caipitil Talún/Tógála Caipiteal agus Cúlchistí
	CR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Aistriú an t-ioncam ó thiomsú airgid a caitheadh chuig Cúlchistí Caipitil	DR	2172	Ioncam Eile Imfhálaithe gan Chaitheamh <a href="#">Dliteanas Reatha</a>
	CR	3901	Tionscadail Chaipitil ioncam ó thiomsú airgid <a href="#">Caipiteal agus Cúlchistí</a>

### 2.3 Aistriú chuig an gCuntas Ciste Talún/Tógála

An bhliain tar éis don tionscadal caipitil talún/tógála a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste tógála.

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Na ranníocaíochtaí chuig costas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Tógála	DR	3901	Ioncam ó Thiomsú Airgid faoi chomhair Tionscadail Chaipitil <a href="#">Caipiteal agus Cúlchistí</a>
	CR	3995	Cuntas an Chiste Talún/Tógála <a href="#">Caipiteal agus Cúlchistí</a>

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur Síos
Costas an tionscadail talún/tógála caipitil a aistriú chuig an gCiste Talún/Tógála	DR	3995	Cuntas an Chiste Talún/Tógála <a href="#">Caipiteal agus Cúlchistí</a>
	CR	3960	Costas Tiomsaithe Airgid don Chlár Caipitil Talún/Tógála <a href="#">Caipiteal agus Cúlchistí</a>

### 2.4 Cuntas ar an ioncam ó thiomsú airgid faoi chomhair tionscadail chaipitil gan chaitheamh

Is ioncam imfhálaithe é tiomsú airgid faoi chomhair tionscadail chaipitil agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoi chód ainmniúil 2172 'Ioncam Imfhálaithe Eile nár Caitheadh'.